



GAEILGE IORRAIS

Preasráiteas Press Release 31.05.2021	Tuilleadh eolais: gaeilgeiorrais@gmail.com 097-29023 www.gaeilgeiorrais.ie	*English language summary is available on page 3.
----------------------------------------------------	--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	------------------------------------------------------



Feachtas ar líne leis an nGaeltacht a léiriú

(9 - 16 Meitheamh 2021)

Cuirfear tús leis an bhfeachtas ar líne **#SeoÍAnGhaeltacht** ar an 9 Meitheamh le deis a thabhairt don phobal a léargas féin a thabhairt ar an nGaeltacht. Céard is brí leis an nGaeltacht duitse? Cén chaoi is fearr é sin a léiriú ar líne? Bí cruthaitheach agus bí páirteach sa bhfeachtas seo linn.

Tugtar cuireadh do dhaoine an haischlib **#SeoÍAnGhaeltacht** a úsáid agus grianghraf nó físeán nó amhrán nó dán - a rogha postáil cuí a chrochadh ar na meáin shóisialta - ó 9 go 16 Meitheamh 2021. Comhthogra é seo de chuid oifigigh pleanála teanga na Gaeltachta. Tá an haischlib **#SeoÍAnGhaeltacht** in úsáid ag na hoifigigh pleanála teanga le bliain anuas chun a gcuid oibre a roinnt leis an bpobal ar na meáin shóisialta. Tá muid ag tabhairt deis don phobal ceiliúradh a dhéanamh linn i gcaitheamh na seachtaine seo ag úsáid **#SeoÍAnGhaeltacht** ar a gcuid meán sóisialta féin agus grianghraf dá nGaeltacht, cuimhní ón nGaeltacht, buaicphointí na Gaeltachta a roinnt linn, mar shampla. Tá an feachtas seo á fhorbairt mar chuid de phróiseas pleanála teanga atá dírithe ar úsáid na Gaeilge a chothú, a láidriú agus a chur chun cinn ar fud na gceantar Gaeltachta.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Mhínigh Laoise Ní Dhúda, oifigeach pleanála teanga le Gaeilge Iorrais, go bhfuil siad ag siúl le híomhánna atá tarraingteach agus spleodrach a fheiceáil den Ghaeltacht, bíodh siad taobh istigh nó taobh amuigh, nua nó sean, mar chuid den saol laethúil nó mar chuimhne cinn ó am a caitheadh sa Ghaeltacht (m.sh. coláiste samhraidh, ar laethanta saoire, srl.).

“Tá roinnt gif, a forbraíodh go sonrach don fheachtas seo ar fáil ag giphy.com agus d’fhéadfaí leas a bhaint astu mar chuid den fheachtas freisin. Is féidir úsáid a bhaint as aon cheann de na hardáin chun físeáin nó grianghraif a roinnt (m.sh. Facebook, Instagram, Twitter) ach leis an haischlib shainiúil **#SeoÍAnGhaeltacht**” a dúirt sí.

Chuir Máire Áine Uí Ailín, oifigeach pleanála teanga le Glór na n-Oileán, leis sin:

Is í ár dteanga an comhartha féiniúlachta is mó atá againn mar Éireannaigh agus is í an Ghaeltacht tobar na Gaeilge. Tá na hoifigigh pleanála teanga ag obair as lámha a chéile ar an togra seo agus ag súil le léargais éagsúla den Ghaeltacht a chur chun cinn agus le mórtas áite, teanga agus cultúir a chothú agus cuimhní cinn faoin Ghaeltacht a mhúscailt.

Bronnfar duaiseanna deasa le linn an fheachtais seo agus muid ag súil le daoine a spreagadh le bheith cruthaitheach agus le bheith páirteach ann. Cuirfidh Gaeilge Iorrais aon iarratas i nGaeilge (.i. grianghraf, físeán, postáil) a chláraíonn muintir na Gaeltachta seo linn ó 9 – 16 Meitheamh 2021 mar chuid de raifil áitiúil. Seol ríomhphost chuig gaeilgeiorrais@gmail.com chun do phostáil a chlárú linn agus le bheith istigh ar an raifil áitiúil. Déan cinnte @GaeilgeIorrais a chlibeáil chun go scaipfear an scéal a thuilleadh. Caithfidh iarratasóirí a bheith 18+ d’aois (nó faoi sin le cead ó thuismitheoirí). Bronnfaidh Gaeilge Iorrais **mála féiríní #SeoÍAnGhaeltacht** ar dheichniúr sa raifil áitiúil. Déanfar an tarraingt ag deireadh an fheachtais.

Lena chois sin, **bronnfar mórdhuais de €1,000** ar an úsáid is fearr den haischlib **#SeoÍAnGhaeltacht** thar na meáin uile, fud fad na Gaeltachta ó 9 go 16 Meitheamh.

English summary

#SeoÍAnGhaeltacht is a social media campaign which aims to present a composite and contemporary portrait of Ireland's Gaeltacht in the year 2021. The Gaeltacht community and indeed anyone who has ever visited the Gaeltacht is invited to contribute their experience of the Gaeltacht and Gaeltacht life by sharing a photo, short video, song, poem or relevant post on social media with the hashtag **#SeoÍAnGhaeltacht**.

This social media campaign will run from 9th – 16th June. You can show us what the Gaeltacht means to you by posting your short video or picture on any social media platform with the hashtag **#SeoÍAnGhaeltacht**. And while you're at it, why not add some Gaeilge GIFs which are now available from giphy.com!

Irish language planning officers from all Gaeltacht areas are working on this project together and hoping to show pride in our home, our community, our language, our culture and to reawaken memories of the Gaeltacht.

To encourage participation and inspire creativity, Gaeilge Iorrais will run a raffle locally and include any applications in Irish sent to gaeilgeiorrais@gmail.com and registered with us during 9 – 16 June from those living in the Erris Gaeltacht area. **#SeoÍAnGhaeltacht** goodie bags will be awarded to 10 lucky winners from this raffle for local entrants.

An overall prize of €1,000 will be awarded by language planning officers for the best use of **#SeoÍAnGhaeltacht** across all social media during the campaign (9-16 June).

Don't forget to let us know about your post and tag us @GaeilgeIorrais so that we can also share your post if you wish. Participants must be 18 years old or otherwise have permission from their parents to participate.

#SeoÍAnGhaeltacht is just one part of a larger movement driven by community organisations and voluntary committees all over the Gaeltacht who are trying to influence Irish language use in a positive way to safeguard the Irish language for future generations. A network of language planning officers throughout the Gaeltacht are working with these organisations and committees to coordinate their efforts and implement plans and measures to strengthen the position of Irish as a community language.